



Preaseisiúint Uimh. 142/23

Lucsamburg, 14 Meán Fómhair 2023

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-115/22 | NADA agus páirtithe eile

Frithdhópáil agus cosaint sonraí: Measann an tAbhcóide Ginearálta Ápeta nach bhfuil údarás náisiúnta frithdhópála a fhoilsíonn sonraí pearsanta lúthchleasaí gairmiúil dópáilte ar an idirlíon ag sárú RGCS¹

Féadfaidh údar chuí a bheith leis an gcur isteach ar chearta cosanta sonraí de bharr aidhm choisctheach a leithéid d'fhoilseacháin

Ciontaíodh reathaí meánraoin gairmiúil ón Ostair as Rialacha frithdhópála na hOstaire a shárú. Dhearbhaigh Coiste Dlí Frithdhópála na hOstaire (Österreichische Anti-Doping-Rechtskommission, ÖADR) go raibh na torthaí go léir a bhain an lúthchleasaí amach le linn na tréimhse lena mbaineann neamhbhailí, rinne sí aon íocaíochtaí iontrála agus/nó duaiseanna airgid a tharraingt siar agus chuir sí cosc uirthi páirt a ghlacadh i gcomórtais spóirt de chineál ar bith ar feadh tréimhse cheithre bliana. Dheimhnigh ÖADR agus an Coiste Eadrána Neamhspleách, an Ostair (Unabhängige Schiedskommission, USK) an cinneadh sin.

D'fhoilsigh Gníomhaireacht Frithdhópála Neamhspleách na hOstaire (Unabhängige Dopingkontrollereinrichtung, NADA) freisin ainm an lúthchleasaí, a sárúithe ar rialacha frithdhópála agus an tréimhse fhionraíochta a ghearradh uirthi i dtábla ina liostaítear lúthchleasaithe atá ar fionraí ar a suíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

Rinne an lúthchleasaí iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh sin os comhair USK. Bíonn treoir á lorg ag an gcomhlacht sin, *inter alia*, maidir le cibé an bhfuil foilsíú na sonraí pearsanta lúthchleasaí gairmiúil dópáilte ar an idirlíon i gcomhoiriúint le RGCS.

Ina Tuairim inniu, tugann an tAbhcóide Ginearálta Tamara Ápeta aghaidh i dtosach báire ar inghlacthacht na ceisteanna a tharchuirtear ar dtús. Measann an tAbhcóide Ginearálta **gur “cúirt nó binse” é USK** de réir bhrí Airteagal 267 CFAE. Go deimhin, measann an tAbhcóide Ginearálta, **in imthosca an cháis atá idir lámha, gurb ionann an comhlacht sin agus “cúirt nó binse” nach bhfuil aon leigheasanna dlí ann** faoin tríú fomhír d'Airteagal 267 CFAE **in aghaidh a gcinntí. Dá bhrí sin, bhí sé d'oibleagáid ar USK ceist a tharchur.**

Maidir le substaint an cháis, measann an tAbhcóide Ginearálta Tamara Ápeta ar dtús **nach bhfuil feidhm ag RGCS maidir le himthosca fíorasacha an cháis**. Dar léi, **rialáíonn rialacha frithdhópála go príomha an spórt mar spórt**. Baineann siad le feidhmeanna sóisialta agus oideachais spóirt, **seachas leis na gnéithe eacnamaíochta a bhaineann le spórt**. Faoi láthair **níl rialacha dlí de chuid an Aontais a bhaineann le beartais frithdhópála** na mBallstát. Gan oiread agus nasc indíreach idir na beartais frithdhópála agus dlí an Aontais, ní féidir le RGCS gníomhaíochtaí próiseála den sórt sin a rialáil. Ar an gcúis sin, measann an tAbhcóide Ginearálta go bhfuil **imthosca**

¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

fíorasacha an cháis seo lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais, agus, dá bhrí sin, lasmuigh de raon feidhme RGCS.

Mar mhalairt ar sin, measann an tAbhcóide Ginearálta Tamara Čapeta **go gceadaítear sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs réamhchinntithe faoi RGCS gan riachtanas go ndéanfar aon mheasúnú comhréireachta aonair.** Dá bhrí sin, níl cinneadh reachtas na hOstaire a chur ina cheangal go ndéanfaí sonraí pearsanta lúthchleasaithe gairmiúla a sháraíonn na rialacha frithdhópála atá i bhfeidhm a nochtadh don phobal i gcoitinne faoi réir measúnú comhréireachta breise i ngach cás ar leith. **Is féidir údar cuí a thabhairt leis an gcur isteach ar chearta lúthchleasaithe gairmiúla a bhaineann leis an nochtadh poiblí tríd an aidhm choiscitheach go ndéanfaí lúthchleasaithe óga a dhíspreagadh ó shárúithe dópála a dhéanamh agus chun páirtithe leasmhara ábhartha a chur ar an eolas.**

Míníonn an tAbhcóide Ginearálta Tamara Čapeta freisin, **i sochaithe nua-aimseartha, gurb é an t-aon bhealach amháin chun oibleagáid ghinearálaithe maidir le nochtadh a shásamh, amhail an oibleagáid a fhorchuireann reachtas na hOstaire sa chás atá idir lámha, ná trí fhoilseachán ar an idirlíon.** Ní féidir a mheas a thuilleadh gurbh ionann foilsiú clóbhuailte agus modh leordhóthanach chun faisnéis a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Dá n-iarrfaí go bhfoilseofar an fhaisnéis lena mbaineann as líne amháin, bheadh sé sin cosúil le teacht timpeall ar an oibleagáid an pobal a chur ar an eolas. **Le linn tréimhse fhionraí an lúthchleasaí, bíonn nochtadh ainm an iarratasóra,** sárú na rialach frithdhópála atá i gceist agus an fhionraí a fhorchuirtear uirthi **ar an suíomh gréasáin d'údarás náisiúnta frithdhópála atá ar fáil go poiblí leordhóthanach agus riachtanach chun feidhm choiscitheach an díspreagtha a bhaint amach agus chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas.**

Nóta: Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tá sé de chúram ar na hAbhcóidí Ginearálta réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt Bhreithiúnais, go hiomlán neamhspleách, ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Tá Breithiúna na Cúirte ag cur tús lena bpléití sa chás seo anois. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

Nóta: Le tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus do bhinsí na mBallstát, i ndíospóidí a tugadh os a gcomhair, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó faoin mbinse náisiúnta atá sé an cás a réiteach i gcomhréir le cinneadh na Cúirte, atá ina cheangal ar an gcaoi chéanna ar chúirteanna nó binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) na Tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá a fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355

Tá pictiúir d'fhógair na Tuairime ar fáil ó "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106

Fanaigí i dteagmháil linn!

